

Prótacal Cúnta faoi Shainordú d’Fhoireann Tusla

Children
First

TUSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency



Prionsabail threoracha

1. Tá Tusla go hiomlán tiomanta chun sábháilteacht agus leas leanaí a chur chun cinn, agus creideann sé go gcuirtear feabhas mór ar leas agus sábháilteacht leanaí nuair a oibríonn gach duine gairmiúil atá bainteach ina saol le chéile ar mhaithe le sárleasanna an linbh.
2. Déantar cinnteoireacht ar chaighdeán maith do leanaí a bharrfheabhsú go mór trí chomhoibriú agus faisnéis a roinnt go héifeachtach idir eagraíochtaí. Is é an rud is tábhachtaí do Tusla sábháilteacht agus leas linbh.
3. Titeann leibhéil shuntasacha d'oibriú idirdhisciplíneach agus idirghníomhaireachta amach ar bhonn laethúil idir na grúpaí agus na gníomhaireachtaí éagsúla gairmiúla. Is éard a bheidh sa chomhaontas seo comhoibrithe ná an cur chuige a leanfaidh Tusla le hinfheistiú ann.

Cúlra

Leagtar san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 oibleagáid dhlíthiúil ar chatagóirí áirithe de ghairmithe ar a dtugtar 'daoine faoi shainordú' chun buarthaí um chosaint leanaí a sháraíonn tairseach shainithe a thabhairt le fios do Tusla. Daoine atá i ndaoine faoi shainordú a dhéanann teagmháil leanúnach le leanaí agus/nó teaghlaigh agus ar féidir leo leanaí a chosaint ó dhíobháil gan stró mar gheall ar a gcáilíochtaí, oiliúint agus taithí. Is féidir daoine faoi shainordú a shainordú, chomh maith, chun cabhrú le Tusla sa mheasúnú a dhéanann sé ar bhuarthaí faoi chosaint agus leas leanaí i dtaobh leanaí a bhí mar ábhar tuairisce faoi shainordú.

Cuireann comhoibriú agus faisnéis a roinnt idir gairmithe d'fhonn na torthaí is fearr do leanaí agus a dteaghlaigh a dheimhniú barr feabhais mór ar obair Tusla. I dtromlach mór na gcásanna, déanfar an comhoibriú seo go gairid agus ní bheidh orthu cúnamh faoi shainordú a lorg. **Faoi chúinsí buntábhachtacha, áfach, sa chás go ndeimhnítear go dtéann sé chun sárshochair an linbh**, b'fhéidir go mba ghá iarraidh fhoirmiúil a dhéanamh ar chúnamh faoi shainordú.

Sainchúram dlíthiúil

Ceadaítear san tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015 do Tusla cúnaimh faoi shainordú a iarraidh go foirmiúil. Is ionann cúnaimh faoi shainordú agus an méid seo a leanas a sholáthar:

- ⇒ Faisnéis nó tuairiscí ó bhéal nó scríofa
- ⇒ Freastal ar aon chruinniú a shocraítear trí Tusla maidir le measúnú ar leanbh, e.g. Cruinniú Straitéise, Comhdháil um Chosaint Leanaí
- ⇒ Aon cháipéis nó aon rud a sholáthar do Tusla.

Beidh cúnaimh ábhartha sa chás go bhfuil an t-eolas reatha atá ag duine faoi shainordú faoi leanbh agus/nó a t(h)eaghlach buntábhachtach leis an measúnú nó nuair a theastaíonn saineolas gairmiúil lena chinntiú go bhfreastalaítear ar shárleasanna an linbh.

B'fhéidir gur dóthain tuairisc ghutháin ó bhéal nó go n-iarrtar ar an duine faoi shainordú cóipeanna a thabhairt de thuairiscí, taifid nó comhfhreagras reatha. Féadfaidh an tOibrí Sóisialta a iarraidh, chomh maith, go gcuireann duine faoi shainordú a dtuairisc féin leis an measúnú foriomlán oibre sóisialta.

Tá **cúig choinníoll** ann nach mór a chomhlíonadh sular féidir cúnaimh faoi shainordú a iarraidh:

1. Ba cheart gur baineadh amach an tairseach dhlíthiúil do thuairisc faoi shainordú, i.e., bhí an leanbh thíos le díobháil, nó is dóchúil go mbeidh sé/sí thíos le díobháil nó tá an leanbh thíos le díobháil.
2. Tá gá leis an iarraidh agus tá sí comhréireach faoi gach cúinse an cháis.
3. Creidtear go réasúnta gur féidir leis an duine faoi shainordú cabhair a thabhairt agus is féidir leo rannchuidiú sonrath agus sainaitheanta a dhéanamh leis an measúnú, de réir mar a bheidh gá réasúnta leis.
4. D'fhéadfadh sé a bheith díobhálach do shárleasanna an linbh gan an iarraidh ar chúnamh a dhéanamh.
5. Níl páirt á glacadh agus cúnaimh á thabhairt go saorálach cheana féin ag an duine faoi shainordú don mheasúnú, mar chuid dá ngnáthdhualgais.

Níor cheart iarrataí foirmiúla ar chúnamh a chur chun cinn ach i ndiaidh go bhfaomhann do Cheann Foirne é.

Próiseas chun cúnamh a iarraidh go foirmiúil

A luaithe a dheimhnítear gur baineadh amach na critéir chun iarraidh ar chúnamh a dhéanamh, caithfidh an tOibrí Sóisialta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- 1.** Cineál na hiarrata ar chúnamh a shainaithint go soiléir, i.e. faisnéis ó bhéal trí ghlaó gutháin, freastal ar chruinniú, tuairisc a ullmhú, cáipéisíocht reatha a sholáthar.
- 2.** Sonraigh an rannchuidiú is féidir leis an duine faoi shainordú, atá mar ábhar na hiarrata ar chúnamh, a dhéanamh le cáilíocht an mheasúnaithe.
- 3.** A chinntiú go bhfuil an iarraidh a rinne an duine faoi shainordú comhréireach i dtaobh chúinsí foriomlána an cháis.
- 4.** Faomhadh Ceann Foirne Oibre Sóisialta a bhaint amach don iarraidh ar chúnamh.
- 5.** A leagan amach i scríbhinn don duine faoi shainordú go bhfuil iarraidh fhoirmiúil á déanamh ar chúnamh faoi fhorálacha an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 ina soláthraítear:
 - (a)** sonraí riachtanacha an cháis
 - (b)** an chúis a bhí leis an iarraidh ar chúnamh
 - (c)** cineál sonrach na hiarrata ar chúnamh
 - (d)** amfhráma sonraithe ach réasúnta chun freagairt a thabhairt.
- 6.** An iarraidh ar chúnamh a chóipeáil chuig bainisteoir líne an duine faoi shainordú más eol agus más cuí.
- 7.** A chinntiú go gcuimsítear i gcomhad an linbh taifead an cháis ina sonraítear an próiseas réasúnaíochta agus cinnteoireachta maidir leis an iarraidh ar chúnamh, anuas ar chóip den litir iarrata ar chúnamh.
- 8.** Cuntas a thabhairt don duine faoi shainordú ar amfhráma dá bhfreagairt ar an iarraidh ar chúnamh.

An próiseas chun déileáil le diúltú chun cabhrú nó teip ar theagmháil a dhéanamh

Beidh sé tábhachtach, sa chás go bhfuil duine faoi shainordú ag diúltú nó go dteipeann air/uirthi freagairt d'iarraidh ar chúnamh, go gcuirfidh an tOibrí Sóisialta deis ar fáil don duine faoi shainordú chun a réasúnaíocht a shoiléiriú agus chun éisteacht lena seasamh sula ndéantar aon chinneadh chun cur in aghaidh diúltú/teipe ar iarraidh ar chúnamh. Ba cheart don Oibrí Sóisialta a gCeann Foirne a nuashonrú maidir leis an gceist ag an gcéim sin. Má leantar ar aghaidh chun dúshlán a chur roimh dhuine faoi shainordú a dhiúltaigh chun nó ar theip air/uirthi teagmháil a dhéanamh, ba cheart caitheamh leis mar géarú tromchúiseach, agus níor cheart tús a chur leis ach i ndiaidh breithniú cúramach a dhéanamh ar na sonraí go léir a bhaineann lena seasamh.

Má tá an cheist atá le géarú agus le cur chun cinn, ba cheart tabhairt faoi na bearta seo a leanas:

1. Mura mbeidh cúnaimh faoi shainordú á chur ar fáil go luath, agus más ann d'aon réasúnaíocht don chéanna ón duine faoi shainordú, ba cheart duit do Cheann Foirne a chur ar an eolas ar an méid a d'iarr tú agus ar na sonraí faoin bhfreagairt a tugadh go dtí seo. Ba cheart don Cheann Foirne aon chomhfhreagras (ó bhéal agus/nó i bhformáid scríofa) a athbhreithniú.
2. Cuirfidh do Cheann Foirne an Príomhoibrí Sóisialta ar an eolas ar na sonraí ábhartha go léir a bhaineann leis an iarraidh agus ba cheart do dtitfeadh athbhreithniú ar chomhaid amach. Déanfaidh an Príomhoibrí Sóisialta an cinneadh deiridh ar cé acu chun leanúint ar aghaidh nó gan leanúint ar aghaidh. Má bhíonn gá go fóill leis an iarraidh ar chúnamh faoi shainordú, cuirfidh an Príomhoibrí Sóisialta an Bainisteoir Limistéir ar an eolas. Seolfaidh an Bainisteoir Limistéir an dara Foirm Iarrata ar Chúnamh faoi Shainordú agus cinnteoidh sé/sí go gcuirtear cóip di i gcomhad an linbh.

Nuair a dhéantar athbhreithniú ar theip ar dhuine faoi shainordú freagairt ar iarraidh ar chúnamh, ba cheart don Bhainisteoir Limistéir breithniú a dhéanamh ar a mhéid a imríodh drochthionchar ar chúinsí an linbh. Beidh ar an mBainisteoir Limistéir a chinntiú go gcuirtear fostóir an duine faoi shainordú ar an eolas i scríbhinn, a chóipeáiltear chuig an duine faoi shainordú, ar an tionchar a imríonn an diúltú chun cabhrú leis an leanbh agus a chur in iúl dóibh go gcoimeádfar an comhfhreagras faoin gceist i dtaifead cáis an linbh.

Ba cheart don Bhainisteoir Limistéir Seirbhísí Dlí Tusla a chur ar an eolas ar an diúltú chun cabhrú, nó an teip ar theagmháil a dhéanamh, agus ba cheart soiléiriú a lorg maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart dul i mbun gníomh breise in aghaidh an duine faoi shainordú mar cheist fhéideartha um fheidhmiúlacht chun cleachtadh.

Is féidir breis faisnéise a fháil ar chúnamh faoi shainordú a thabhairt in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta* agus san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Foirm Iarrata ar Chúnamh faoi Shainordú



An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

A _____, a chara

Táim ag scríobh chugat go foirmiúil faoi alt 16 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 chun iarraidh ort, duine faoi shainordú, chun cabhrú le Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach chun measúnú a dhéanamh ar an leanbh seo a leanas, a bhí mar ábhar tuairisce faoi shainordú faoi alt 14 den Acht.

1. Sonraí faoin leanbh

Ainm _____

Seoladh _____

Dáta breithe _____ Scoil _____

Measúnú ar dhíobháil:

Tá measúnú á dhéanamh faoi láthair ag Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ar cé acu an raibh nó nach raibh nó an bhfuil nó nach bhfuil díobháil á déanamh don leanbh thuasluaite, nó cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé/sí i mbaol díobhála. Tugtar sainmhíniú ar ‘díobháil’ sa chomhthéacs seo san Acht mar dhrochúsáid ghnéasach an linbh, nó ionsaí, drochíde nó faillí a dhéanamh ar an leanbh ar bhealach a dhéanann difear tromchúiseach, nó ar dóchúil go ndéanfaidh sé difear tromchúiseach do shláinte, forbairt nó leas an linbh.

Lorgaíonn an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach do chúnamh, mar dhuine faoi shainordú, faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, mar gheall go gcreidimid go réasúnta go bhféadfá bheith in ann cabhrú tríd an bhfaisnéis agus cúnaimh sin a thabhairt dúinn a theastaíonn uainn go réasúnta agus atá riachtanach agus comhréireach i ngach ceann de chúinsí an cháis seo.

2. An chúis a thug an Ghníomhaireacht a bhí leis an iarraidh ar chúnamh faoi shainordú:

Sonraigh an rannchuidiú is féidir leis an duine faoi shainordú a dhéanamh chun an measúnú a dhéanamh ar an leanbh seo, le do thoil.

3. Cineál sonrath na hiarrata:

Féadfaidh an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, an cúnaimh sin a iarraidh a fhéadfaidh bheith ag teastáil uaithi go réasúnta, agus áirítear leis an gcúnaimh sin:

- ⇒ Faisnéis nó tuairiscí ó bhéal nó scríofa a sholáthar
- ⇒ Freastal ar aon chruinniú a shocraigh an Gníomhaireacht a bhaineann lena measúnú
- ⇒ Aon cháipéis nó aon rud a sholáthar don Gníomhaireacht.

Ceanglaítear san Acht go gcaithfidh an iarraidh a bheith, i dtuairim na Gníomhaireachta, riachtanach agus comhréireach faoi gach cúinse an cháis.

Iarrtar ort an cúnaimh seo a leanas a sholáthar:

Sonraigh an cúnaimh a iarrtar, le do thoil, anuas ar an údar atá an iarraidh riachtanach agus comhréireach faoi gach cúinse an cháis, faoi mar a leagtar amach thuas.

Faoi alt 16(2) den Acht, ceanglaítear ort an iarraidh seo ar chúnamh a chomhlíonadh a luaithe is indéanta. Is é an dáta dlite, ar cheart freagairt ar an iarraidh seo a sheoladh ar ais faoi, an ___/___/____. *[Tá an dáta le sonrú ag an Oibrí Sóisialta]*

Ba cheart a thabhairt faoi deara go ndéantar iarrataí ar chúnamh ar dhuine faoi shainordú faoi alt 16 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus gurb ann d'fhoráil sa reachtaíocht d'aon táillí a íoc le daoine faoi shainordú sa chás go ndéantar na hiarrataí siúd orthu.

4. Sonraí faoin Oibrí Sóisialta a dhéanann an iarraidh seo:

Ainm _____

An Post atá á shealbhú _____

Sonraí teagmhála Guthán: _____

Ríomhphost: _____

Dáta _____

Is mise, le meas,

Oibrí Sóisialta

Ceann Foirne Oibre Sóisialta

Children
First

TÚSLA

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency